Glór Cheatharlach

An 3ú háit agus duais mhór airgid do Ghlór Cheatharlach

Bríde de Róiste agus Seán Mac Diarmada thar cheann Ghlór Cheatharlach agus Máire Uí Sheoirse thar cheann Ghlór Bhalána an-sásta tar éis dóibh glacadh le duaiseanna Ghlór na nGael

Bronnadh na duaiseanna agus na gradaim i gComórtas Ghlór na nGael 2010 ag searmanas galánta a reachtáileadh in Ostán Theach Carton, Maigh Nuad ar an Satharn, 16 Aibreán. I ndiaidh dhá bhabhta moltóireachta níos luaithe sa bhliain, cuireadh Glór Cheatharlach ar ghearrliosta san iomaíocht le ceithre phobal eile don phríomh dhuais. D'fhreastail cúigear den choiste stiúrtha ar an ócáid bhronnta agus nach orthu a bhí na sceitimíní áthais nuair a fógraíodh go raibh an 3ú háít sa tír agus duais airgid gur fiú €9,000 í buaite ag Ceatharlach de bharr cur chun cinn na Gaeilge i measc an phobail. Chomh maith leis sin bronnadh duais speisialta Duais an Fháinne agus seic eile ar luach €1,500 ar Ghlór Cheatharlach as cur chun cinn an fháinne. Dúradh go raibh an iomaíocht an-ghéar agus go bhfuil clú ar Cheatharlach mar cheann de na bailte is Gaelaí sa tír. Nach iontach a leithéid de cháil a bheith ar an mbaile seo 'gainne!

Gabhann an Bord Bainistíochta buíochas ó chroí le gach uile dhuine a thugann tacaíocht do Ghlór Cheatharlach agus a fhreastalaíonn ar an iliomad imeachtaí a bhíonn ar siúl ó cheann ceann na bliana. Go raibh míle, míle maith agaibh go léir.

Bhí deascéal ann freisin do mhuintir Bhalána nuair a bronnadh an duais agus €1,000 don iontráil nua is fearr ar Ghlór Bhalána. Cé nach bhfuil an grúpa seo ag feidhmiú ach le bliain anuas is iontach an méid atá bainte amach acu cheana féin. Tá an coiste ag dul ó neart go neart. Déanann Glór Cheatharlach comhgháirdeachas ó chroí le Glór Bhalána agus geallann siad gach tacaíocht dóibh. Tús maith leath na hoibre gan dabht.

Coiste Ghlór Cheatharlach ag bronnadh na nduaiseanna. Emma Uí Bhroin, Áine Uí Fhaoláin, Bríde de Róiste,Mairéad Uí Mhadoc agus Seán Mac Diarmada

SULT na Cásca!

Cuirfear céad míle fáilte roimh chách chuig SULT na míosa, oíche shóisialta trí Ghaeilge ar an Déardaoin, 28 Aibreán i dTeach Dolmain, Ceatharlach. Tagann daoine le chéile ar an Déardaoin deireannach de gach mí ag 9.00i.n. i dTeach Dolmain chun taitneamh a bhaint as caint, comhrá agus comhluadar trí Ghaeilge agus cuirtear fíorchaoin fáilte roimh dhaoine nua i gcónaí.

Is deis iontach í seo do dhaoine gur suim leo an Ghaeilge í a labhairt go sóisialta agus ag an am céanna aithne a chur ar chainteoirí Gaeilge eile. Bailíonn SULT le chéile ag an mbord Gaeilge díreach taobh istigh den doras tosaigh i dTeach Dolmain. Cuirfear fáilte faoi leith roimh dhaoine óga abhaile i gCeatharlach do laethanta saoire na Cásca. Buail isteach le haghaidh dreas cainte. Fáilte chomh maith rompu siúd atá ag freastal ar ranganna Gaeilge agus beidh deis agaibh an teanga a chleachtadh. Bígí linn mar sin ar an Déardaoin seo chun SULT a bhaint as an nGaeilge.

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
Glór Cheatharlach
Carlow Gateway Business Centre
Bóthar Átha Í, Ceatharlach. (059) 9158105 / (085) 1340047
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

Teastas na nDuaiseanna do Ghlór Cheatharlach.

Martin and Frances Doran at the Irish Autism gala dinner
Photos: Michael O'Rourke

Michael and Joanne Dowling at the Irish Autism gala dinner

Rob and Lisa Doyle at the Irish Autism gala dinner

John Meaney, on behalf of Leighlinbridge Tidy Towns, makes a special presentation to Ronnie Byrne, captain of barge 72M, during the visit of the Heritage Boat Association to Leighlinbridge to celebrate the 220th anniversary of the opening of the Barrow Navigation Photo: Michael O'Rourke